Teanga a Fheabhsú

Naisc le *hAistear* agus le *Síolta*

Aistear

Téamaí: *Folláine agus Leas*, *Féiniúlacht agus Muintearas*, *Cumarsáid a Dhéanamh*, *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*

Treoirlínte don Dea-Chleachtas: Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 27-51)

***Caighdeáin* Síolta**

1: *Cearta an Linbh*, C1.1, 1.2, 1.3
5: *Idirghníomhaíochtaí*, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5
Achoimrí Taighde nasctha leis na *Caighdeáin thuas*

Méadaíonn leanaí an líon focal a úsáideann siad go gasta idir 3 bliana agus 6 bliana d'aois agus athraíonn siad an chaoi a n-úsáideann siad teanga le cumarsáid a dhéanamh agus le foghlaim. Is iondúil a bhíonn **cúpla céad focal** ag leanaí a bhfuil **trí bliana d'aois** slánaithe acu, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh **na mílte focal** acu nuair a bheidh siad **sé bliana d'aois**. Úsáideann leanaí teanga chasta faoin am sin le hidirghníomhú, scéalta a insint, cur síos a dhéanamh ar rudaí a thit amach san am atá thart, fadhbanna a réiteach, idirbheartaíocht a dhéanamh, samhlú, comhoibriú, agus caidrimh a chothú. Seo a leanas roinnt smaointe d'fhonn an fhorbairt teanga a fheabhsú.

- **Déan mar a dhéanann leanaí:** Fan le leanaí tús a chur le caidreamh nó coinnigh súil ghéar orthu lena fháil amach cé na rudaí a bhfuil suim acu iontu sula labhróidh tú.
- **Bí aghaidh le haghaidh:** Bí ar leibhéal is féidir leat breathnú ar aghaidh leanaí agus is féidir leosan breathnú ortsa. Crom síos go dtí a leibhéal agus tú ag labhairt leo. Léirigh scileanna gníomhacha éisteachta trí do chorp a chlaonadh i dtreo an linbh agus fanacht go tnúthánach. Léireoidh sé sin go bhfuil tú réidh le cluas a thabhairt dóibh agus spreagfar iad chun labhairt dá bharr sin.
- **Freagair:** Léirigh go bhfuil suim agat sa mhéid a dúirt an leanbh nuair a fhreagraíonn tú é.
- **Abair arís:** Mura mbíonn urlabhra an linbh soiléir a dóthain, abair a ndeir an leanbh in athuair nó ceartaigh botúin ghramadaí. Mar shampla, dá ndéarfadh leanbh *Tá carr ag é*, d'fhéadfá *Sea, tá carr aige* a rá.
- **Déan tráchtanna:** Déan trácht ar a ndeir leanbh nó ar a ndéanann sé/sí. Fan le freagra ansin.

Is é is tábhachtaí ag an am seo **an méid a deir leanaí a leathnú**. Déan a n-abairtí níos faide trí chur leo le focail nó le smaoineamh eile. Mar shampla, taispeánann leanbh atá 3 bliana d'aois a ghlúin don chleachtóir agus deir sé *Tá pian i mo ghlúin agam*. Mar fhreagra air sin, d'fhéadfadh cleachtóir a rá *Ó, tá pian i do ghlúin agat mar gur thit tú ar an urlár*.

Ceisteanna a úsáid le teanga a fheabhsú

Spreagann ceisteanna ceannoscailte smaointe agus comhrá de bharr go mbíonn níos mó machnaimh de dhíth ná freagraí simplí aon fhocail. D'fhéadfadh sé go gcuirfí ceisteanna dúnta deireadh le comhrá agus níor chóir iad a úsáid ach anois is arís. Is iondúil gur ceisteanna dúnta iad na ceisteanna siúd a chuireann triail ar leanaí, mar shampla, *Cén dath é sin?* nó ceisteanna nach féidir ach tá/níl a thabhairt mar fhreagra orthu, mar shampla, *An bhfuil madra agat?*

Trí cheisteanna ceannoscailte a úsáid ar nós *Meas tú…* nó *Céard a tharlódh dá…* ag tús abairte, tá tú ag comhroinnt an phróisis smaointeoireachta leis an leanbh agus ag cur níos lú brú air/uirthi chomh maith. Úsáid ceisteanna ceannoscailte atá ag teacht le leibhéal forbartha teanga an linbh. Le tuilleadh samplaí de cheisteanna ceannoscailte a fháil, féach Cleachtóirí agus leanaí ag smaoineamh agus ag labhairt le chéile.

Úsáid níos mó tráchtanna ná ceisteanna, agus ná déan dearmad fanacht leis an leanbh freagra a thabhairt ort. **Téann comhráite fada, a spreagann leanaí chun a gcuid smaointeoireachta a leathnú, chun sochair dá bhforbairt teanga**.

Forbairt stór focal

Is féidir leat cabhrú le leanaí scileanna teanga a fhorbairt trí ligean dóibh bheith i gceannas agus trí **fhriotal a úsáid a bhaineann lena bhfuil á dhéanamh acu nó lena bhfuil suim acu ann**.

- Cuir eolas ar **shuimeanna leanaí** le friotal nua a thabhairt isteach, mar shampla, má bhíonn suim ag leanaí i ndineasáir, faigh amach ainmneacha dineasáir, a dtréithe, agus ar ithidís. Ná bíodh aon drogall ort focail chasta a mhúnlú do leanaí, amhail an Triasach, an Cailceach, nó pailé-ointeolaí. Cuirfidh a leithéid d'fhocail gliondar orthu.
- Úsáid **réimse focal**. Úsáid focail ainmnithe (bord, madra), focail ghníomhaíochta (reathaíocht, rothaíocht), focail thuairisciúla (gorm, mall), focail suímh (faoi bhun, ar), focail chomparáide (is mó, is leithne), agus coincheapa teibí (an chéad cheann, an ceann deireanach, roimh, tar éis). Mar shampla, abair *cuir an crúiscín bainne ar an mbord* in ionad a rá *cuir é sin ar an mbord* .
- **Úsáid focail éagsúla a bhfuil an bhrí chéanna leo**. Chomh maith le *sona sásta* a rá, abair go bhfuil *ríméad nó lúcháir* ort nó go bhfuil tú ar bís, srl. In ionad *déanta* a rá, abair *críochnaithe nó curtha i gcrích*.
- **Múnlaigh focail**. Agus cluiche 'dochtúirí agus altraí' á imirt, úsáid focail amhail *teirmiméadar*, *x-gha*, *steiteascóp*, *cógas leighis* agus dá réir sin. Dá mhinice a chloisfidh leanaí na focail sin agus iad ag súgradh is ea is muiníní a bheidh siad á n-úsáid.
- Úsáid friotal **a bhaineann leis na céadfaí**, mar shampla, focail mhothúchán amhail *garbh*, *mín*, *greamaitheach*, *solúbtha*, nó focail a bhaineann leis an mblas, mar shampla, *milis*, *géar*, *súmhar*, *goirt*. Úsáid i ngníomhaíocht blaiste iad agus úsáid arís iad ag am sneaice nó ag am lóin d'fhonn iad a dhaingniú.

- Úsáid focail le rudaí **a chatagóiriú**, mar shampla, éadaí, torthaí, glasraí, troscán a shórtáil. Mar shampla, *is iomaí cineál glasraí atá againn d'am sneaice inniu - anann, cíobhaí, mealbhacán, agus banana*. Nuair a fhoghlaimíonn leanaí focail i gcatagóirí, nascann siad agus stórálann siad iad le chéile, agus is fusa dóibh teacht orthu.
- Úsáid focail a dhéanann cur síos ar **chodanna rudaí**, mar shampla, in ionad 'carr' a rá, labhair faoi chodanna den charr, amhail *inneall, ceannsoilse, táscairí, boinéad, acastóir, rothaí, boinn, cadhnra, umar breosla*, agus mar sin de. Labhair faoi na hábhair a bhfuil an carr déanta astu, amhail *miotal, rubar, rothaí* agus faoin gcineál cairr atá ann.
- **Déan in athuair agus ceangail**. Abair focail nua arís is arís eile agus ceangail le comhthéacsanna difriúla iad, mar shampla, *An cuimhin leat an leabhar inar shiúil na leanaí tríd an gcoill? Táimid ag cur na héille tríd an gcoirnín anois*.

Leabhair a léamh

Úsáid focail nach n-úsáidtear go laethúil leis na leanaí. Mínigh focail nua dóibh agus tabhair samplaí dóibh conas iad a úsáid. Mar shampla, *Is í Caitríona Chaomhánach údar an leabhair seo agus is é Tomás Ó Tuathail an maisitheoir, sin an duine a tharraing na pictiúir*. Athraigh an t-am léite leabhar ina am comhrá. Is féidir é sin a dhéanamh trí leanaí a spreagadh le dul i gceannas lena fháil amach cé na rudaí a bhfuil suim acu iontu. Ná déan dearmad fanacht leo, a dtuairimí a fháil, fadhb a réiteach, an leabhar a cheangal lena saol féin trí cheisteanna agus tráchtanna ceannoscailte a úsáid. Le tuilleadh smaointe a fháil maidir le leabhair a léamh, chomh maith le liosta leabhar do leanaí atá idir 2½-6 bliana d'aois, féach ár leidbhileog Liosta na bpictiúrleabhar molta.

Súgradh samhlaíoch

Caitheann leanaí tuilleadh ama ag idirghníomhú lena gcuid piaraí de réir mar a fhorbraíonn siad. Is féidir leatsa cabhrú leo teanga a fhorbairt tríd an súgradh ach dul i gceann 'róil' tú féin. D'fhéadfadh sé go mbeadh ort:

- Iompar áirithe a mhúnlú a chuirfeadh leis na smaointe agus leis an bhfriotal, cuir i gcás ag ligean ort féin gur meicneoir thú atá ag deisiú cairr.
- Tuilleadh comhrá a spreagadh ach na leanaí a atreorú chuig a chéile in ionad tú féin freagra a thabhairt, mar shampla, *Tá custaiméir anseo a bhfuil rud éigin ag teastáil uaithi*.
- Smaointe a chur isteach a spreagfadh réiteach fadhbanna nó cur agus cúiteamh, amhail *Ó a thiarcais, chlis ar an mbus! Céard a dhéanfaimid?*

Déan machnamh ar do chuid scileanna agus ar an stíl phearsanta chaidrimh atá agat, agus bí feasach ar an leibhéal teanga atá bainte amach ag na leanaí. Sa tslí sin, beidh tú in ann a chinntiú go bhfuil tú ag cur do chuid caidrimh in oiriúint dá leibhéal agus ag tacú leo a gcuid scileanna teanga a fhorbairt tuilleadh. Seans go mbeadh suim agat in *Uirlisí Féinmheastóireachta, Idirghníomhaíochtaí a Chothú agus a Leathnú – Leanaí Óga (3-6 bliana d'aois)*.